MOO CREW

# Bileog Gníomhaíochta

## Soisearach 4

# Déiríocht agus an Comhshaol

### Anois gur fhoghlaim tú faoi dhéiríocht agus an comhshaol, comhlánaigh gach ceann de na habairtí seo a leanas tríd an bhfocal ceart a roghnú.

1. Is ionann an __________ agus cé chomh te nó fuar agus cé chomh fliuch nó tirim atá áit, ag am áirithe.
   (aimsir/aeráid)

2. Is ionann an _________ agus an cineál aimsire is gnách a bheith in áit thar thréimhse fhada.
   (aimsir/aeráid)

3. Tá daoine ag déanamh a lán gníomhaíochtaí a dhéanann gáis arb iad is cúis leis an domhan a bheith ag téamh go mall réidh. Is é sin is cúis leis an ________ __________.
   (athrú aeráide/athrú timpeallachta)

4. Is é an bia-aistear an t-achar a ___________ bia chun dul ón bhfeirm go dtí ár bplátaí.
   (athraíonn /thaistealaíonn)

5. Má shiúlann duine chuig an siopa le haghaidh bia seachas úsáid a bhaint as an ______ laghdaítear an bia-aistear míle bia.
   (rothar/gcarr)

6. Is féidir barr feirmeora a bheith scriosta ar fad de dheasca _________.
   (tuilte/féir)

7. Nuair a bhíonn aimsir an-tirim ann agus gan ach beagán báistí ciallaíonn sé sin go bhféadfadh níos lú _______ a bheith ann do na ba le hithe.
   (féir/déiríochta)

8. Nuair a bhíonn drochaimsir ann is féidir leis na bóithre a bheith róchontúirteach le haghaidh ______ a sheachadadh agus a bhailiú.
   (grian/bainne)

National Dairy Council | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara / Department of Agriculture, Food and the Marine | Funded by the European Union